II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2019/2071 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE

**an 5 Nollaig 2019**

**lena gceaptar an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 53(1) de,

Ag féachaint do liosta na n-iarrthóirí arna tharraingt suas ag an gCoimisiún Eorpach an 30 Deireadh Fómhair 2019, i gcomhréir le hAirteagal 53(1) de Rialachán (AE) 2018/1725, tar éis glao poiblí ar iarrthóirí, d'fhonn an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a cheapadh,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh 2014/886/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), ceapadh Giovanni BUTTARELLI, Uas. mar an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus ceapadh Wojciech Rafał WIEWIÓROWSKI, Uas. mar an Maoirseoir Cúnta, don tréimhse ón 4 Nollaig 2014 go dtí an 5 Nollaig 2019.

(2) Cailleadh Giovanni BUTTARELLI, Uas. an 20 Lúnasa 2019. I gcomhréir le hAirteagal 100(4) de Rialachán (AE) 2018/1725, tháinig an Maoirseoir Cúnta, dá bhrí sin, in áit an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí don chuid eile de théarma oifige an Mhaoirseora Chúnta, a thagann chun deiridh an 5 Nollaig 2019.

(3) Tá an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí le ceapadh de thoil a chéile ag Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar feadh tréimhse cúig bliana ón 6 Nollaig 2019,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Déantar leis seo Wojciech Rafał WIEWIÓROWSKI, Uas. a cheapadh mar an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí don tréimhse ón 6 Nollaig 2019 go dtí an 5 Nollaig 2024.

---

([1]) IO L 295, 21.11.2018, lch. 39.

([2]) Cinneadh 2014/886/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Nollaig 2014 lena gceaptar an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus an Maoirseoir Cúnta (IO L 351, 9.12.2014, lch 9).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 5 Nollaig 2019.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Nollaig 2019.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*
D. M. SASSOLI

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
M. LINTILÄ